Cuntas Leithreasa 2015

# Vóta 28

# Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 28, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais seo, réitigh mé an cuntas faoi iamh den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 maidir le tuarastail agus speansais Oifig an Aire Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, i gcomhair seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus chun deontais agus ranníocaíochtaí chuig Eagraíochtaí Idirnáisiúnta a íoc.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2015, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Dlitear farasbarr €7.06 milliúin a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid é den Chuntas seo an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 7.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Cuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú.

***Idirbhearta in airgeadra eachtrach***

Aistrítear idirbhearta a eascraíonn in airgeadraí iasachta go Euro ag ráta malairte an mhargaidh atá i réim ag tús na míosa.

***Fabhruithe, réamhíocaíochtaí, ceangaltais agus stoic ag misin thaidhleoireachta***

Ní áirítear sna figiúirí maidir le fabhruithe, réamhíocaíochtaí agus ceangaltais aon suimeanna maidir le misin thaidhleoireachta na Roinne seachas iad siúd a bhaineann le réadmhaoin ar cíos. Ní áirítear luach stoc arna shealbhú ag misin ag deireadh na bliana ach oiread.

***Ceangaltais***

Ní áirítear sna ceangaltais ach amháin na suimeanna sin a bheidh dlite ón Roinn sna dhá mhí dhéag ina dhiaidh sin.

***Sócmhainní caipitil***

Tá luach na talún agus na bhfoirgneamh atá san áireamh i ráiteas na sócmhainní caipitil bunaithe ar luacháil a cuireadh i gcrích in 2005 seachas

- talamh agus foirgnimh a fuarthas ó bhí 2005 a dtugtar a luach ar a gcostas
- trí áitreabh ambasáide a chuirtear san áireamh ar bhonn luachála gairmiúla a cuireadh i gcrích in 2011.

## Ráiteas faoin Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht don chóras rialaithe airgeadais inmheánach***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá agam as cinntiú go ndéantar córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a fheidhmiú ag an Roinn.

Déantar an fhreagracht seo a chleachtadh i gcomhthéacs na n-acmhainní sin atá ar fáil dom féin agus i gcomhthéacs mo chuid dualgas féin mar Ard-Rúnaí. Freisin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó go ndéanfaí iad a aimsiú go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus bíonn an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de

- sannadh freagrachtaí airgeadais ag leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ag gach leibhéal mar ar sannadh an fhreagracht do bhainistiú airgeadais
- bunaíodh gnáthaimh fhoirmeálta do thuairisciú teipeanna suntasacha rialaithe agus do chinntiú gníomhaíochta ceartaithí cuí
- is ann do Choiste Iniúchta le comhairle a thabhairt dom maidir le comhlíonadh mo chuid freagrachtaí don chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistithe***

Deimhním go bhfuil creatlach gnáthamh riaracháin agus tuairisciú rialta bainistithe i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt na ndualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe, gurb ann dóibh seo a leanas

- Córas buiséadaithe iomchuí ann agus buiséad bliantúil a bhíonn faoi athbhreithniú ag bainistíocht shinsearach.
- Athbhreithniú rialta á dhéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais in aghaidh meastachán.
- Córas bainistíochta riosca i bhfeidhm taobh istigh den Roinn.
- Córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú.
- Treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le rialacha foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Chomhlíon an Roinn na treoirlínte ach amháin i gcás aon gconradh deag dar luach €3.6milliún a bhí liostaithe i mo thuairisceán bliantúil i ndáil le Ciorclán 40/2002. Níor lorgaíodh tairiscintí do na conarthaí mar gheall gur bronnadh an conradh ar an soláthróir dílsithe nó gur sáraíodh an tairseach €25,000 gan chuimhneamh. Athbhreithneoidh aonad soláthair na Roinne na conarthaí sin in 2016.

***Clár sócmhainn sheasta***

Tá an Roinn ag obair ar thionscadal chun a clár sócmhainní caipitil a nuashonrú. Mar chuid den tionscadal leanúnach seo, cuireadh de láimh luach €17.67 milliún de shócmhainní TF lándímheasta le linn na bliana.

***Iniúchadh Inmheánach agus Coiste Iniúchta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánach ag an Roinn le pearsanra atá oilte go cuí, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Téann anailís ar na rioscaí airgeadais sin atá os comhair na Roinne i bhfeidhm ar a cuid oibre agus tá a cuid pleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta. Déantar an fheidhm inmheánach iniúchta a athbhreithniú ó am go chéile agam féin agus ag an gCoiste Iniúchta. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam le cinntiú go ndéantar tuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh a athleanúint.

**Niall Burgess**
Oifigeach Cuntasaíochta
Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

27 Meán Fómhair 2016

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádáil don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2015.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh taifid chuntasaíochta leordhóthanacha ag an An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na taifid chuntasaíochta.

**Seamus MacCárthaigh**

Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

28 Méan Fomhair 2016

# Vóta 28 Gnóthaí Eachtracha agus Trádála
## Cuntas Leithreasa 2015

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas Cláir** | | | | |
| A | Leas eacnamaíoch agus trádála na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta | 48,658 | 47,824 | 45,890 |
| B | Seirbhísí consalachta, pas agus d'Éireannaigh thar lear | 71,877 | 71,272 | 69,749 |
| C | Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo | 20,024 | 22,430 | 22,055 |
| D | Cearta daonna, slándáil agus síocháin idirnáisiúnta | 69,447 | 67,381 | 63,627 |
| | **Glanchaiteachas** | **210,006** | **208,907** | **201,321** |
| | *Bain de* | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **45,048** | **51,482** | **48,120** |
| | **Glanchaiteachas** | **164,958** | **157,425** | **153,201** |

**Barrachas le géilleadh**

Tá barrachas na suime a luaitear le cois an ghlanmhéid dlite le géilleadh don Státchiste. Faoi Alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir aon chuid de leithreasuithe do sheirbhísí soláthair chaipitil nár caitheadh, nó iad ar fad, a thabhairt anonn le caitheamh sa chéad bhliain eile.

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 7,533,377 | 14,604,579 |
| Géilleadh iarchurtha | (475,000) | — |
| Farasbarr le tabhairt suas | 7,058,377 | 14,604,579 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 79,603 | 77,258 | 75,239 |
| ii | Taisteal agus cothú | 5,144 | 6,136 | 5,146 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 4,048 | 4,254 | 3,637 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 5,786 | 5,795 | 5,508 |
| v | Fearais oifige agus soláthairtí eile oifige agus seirbhísí bainteacha | 17,379 | 17,424 | 18,566 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 25,119 | 23,723 | 22,410 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar an luach ar airgead agus ar pholasaithe | 100 | — | — |
| viii | Costais ionadaíochta agus lóistín thar lear | 10,524 | 11,181 | 10,495 |
| | | 147,703 | 145,771 | 141,001 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2015

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Caiteachas cláir | | 63,136 | 60,320 |
| Pá | | 77,258 | 75,239 |
| Neamhphá | | 68,513 | 65,762 |
| **Ollchaiteachas** | | **208,907** | **201,321** |
| *Bain de* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **51,482** | **48,120** |
| **Glanchaiteachas** | | **157,425** | **153,201** |
| **Athruithe maidir le sócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgead tirim | (2,833) | | |
| Brabús ar dhiúscairt | (48) | | |
| Dímheas | 3,610 | | |
| | | 729 | 77 |
| **Athruithe maidir le glansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 6,192 | | |
| Méadú ar stoc | (485) | | |
| | | 5,707 | 1,994 |
| **Caiteachas díreach** | | **163,861** | **155,272** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glan-chaiteachas ar sheirbhísí comhcheangailte (nóta 1.1) | | 17,702 | 16,877 |
| Cíosanna barúlacha | | 1,716 | 1,716 |
| **Costas glan clár** | | **183,279** | **173,865** |

### 1.1 Glan-Chaiteachas ar Sheirbhísí Comhcheangailte

I ndáil le Vóta 28 a tabhaíodh in áit eile, tá méid an ghlan-chaiteachais ar sheirbhísí comhcheangailte comhdhéanta de na méideanna measta seo a leanas.

| | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 60 | 60 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 11,959 | 10,716 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 5,100 | 5,578 |
| Vóta 20 Garda Síochána | m | 91 | 91 |
| Príomh Chiste – Pinsin Airí | m | 492 | 432 |
| | | 17,702 | 16,877 |

Tugann "m" le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá ann.

## 2 Clár Comhardaithe ag 31 Nollaig 2015

| | Nóta | 2015 €000 | 2014 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | **165,269** | **165,998** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.4 | 4,236 | 3,751 |
| Réamhíocaíochtaí | | 5,308 | 11,904 |
| Iarmhéideanna eile dochair | 2.5 | 3,379 | 6,076 |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 1,904 | (4,300) |
| **Iomlán na Sócmhainní Reatha** | | **14,827** | **17,431** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 1,021 | 1,425 |
| Iarmhéideanna eile creidmheasa | 2.6 | 422 | 115 |
| Glandliteanas ón Státchiste | 2.7 | 4,786 | 1,556 |
| Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontais-i-gcabhair) | 7.1 | 75 | 105 |
| **Iomlán na nDliteanas Reatha** | | **6,304** | **3,201** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **8,523** | **14,230** |
| **Glansócmhainní** | | **173,792** | **180,228** |
| **Léirithe ag:** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **173,792** | **180,228** |

| **2.1 Cuntas Maoiniú Stáit** | **Nóta** | **€000** | **2015 €000** | **2014 €000** |
|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | | | 180,228 | 182,299 |
| Eisíocaíochtaí as an Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 164,958 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (475) | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | Cuntas | (7,058) | | |
| Glan vóta | | | 157,425 | 153,201 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1 | | 17,702 | 16,877 |
| Caiteachas nach airgead tirim – cíos barúlach | 1 | | 1,716 | 1,716 |
| Costas glan clár | 1 | | (183,279) | (173,865) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **173,792** | **180,228** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Feithiclí mótair | Troscán agus feistis | Trealamh oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2015 | 156,544 | 3,027 | 48,715 | 82,229 | 290,515 |
| Breiseanna | — | 572 | 51 | 2,258 | 2,881 |
| Diúscairtí | — | (295) | — | (17,676) | (17,971) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2015 | 156,544 | 3,304 | 48,766 | 66,811 | 275,425 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2015 | — | 2,457 | 45,542 | 76,518 | 124,517 |
| Dímheas don bhliain | — | 304 | 1,001 | 2,305 | 3,610 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (295) | — | (17,676) | (17,971) |
| Dímheas carntha amhail an 31 Nollaig 2015 | — | 2,466 | 46,543 | 61,147 | 110,156 |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2015** | **156,544** | **838** | **2,223** | **5,664** | **165,269** |
| **Glan-sócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **156,544** | **570** | **3,173** | **5,711** | **165,998** |

| **2.3 Bainc agus Airgead Tirim 31 Nollaigs** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Cuntais Misean agus cheanncheathrú | 8,714 | 9,743 |
| Iarmhéideanna Phá Máistir Ginearálta agus airgead tirim | (6,810) | (14,043) |
| | 1,904 | (4,300) |

| **2.4 Stoic** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Leabhair agus cártaí pas | 3,495 | 3,526 |
| Stoic phrótacail | 80 | 94 |
| Stáiseanóireacht | 586 | 45 |
| Postas réamhíoctha | 4 | 2 |
| Earraí Inchaite TF | 71 | 84 |
| | 4,236 | 3,751 |

| **2.5 Iarmhéideanna Eile Dochair** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Cuntais roinne & gníomhaireachta | 1,024 | 3,860 |
| Cuntais óinchiste & agus fionraí pearsanta | 1,068 | 966 |
| Cuntais airleacan tuarastail iasachta | 201 | 269 |
| Ilghnéitheach | 1,086 | 981 |
| | 3,379 | 6,076 |

| **2.6 Iarmhéideanna Eile Creidmheasa** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 1 | — |
| Árachas Sóisialta Pá-Choibhneasta | — | (1) |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 232 | 24 |
| Cáin Bhreisluacha | 26 | 22 |
| Seirbhísí Gairmiúla Cháin Shiarchoinneálach | 69 | 32 |
| | 328 | 77 |
| Ilghnéitheach | 94 | 38 |
| | 422 | 115 |

| **2.7 Glandliteanas don Státchiste** | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| ag 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Farasbarr le tabhairt suas | 7,058 | 14,605 |
| Géilleadh iarchurtha | 475 | — |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (2,747) | (13,049) |
| Glandliteanas don Státchiste | 4,786 | 1,556 |
| | | |
| **Léirithe ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Iarmhéideanna dochair ar fionraí | 3,379 | 6,076 |
| Banc agus airgead tirim | 1,904 | (4,300) |
| | 5,283 | 1,776 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (328) | (77) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | (94) | (38) |
| Iarmhéideanna sochair: Cuntais deontais | (75) | (105) |
| | (497) | (220) |
| | | |
| | 4,786 | 1,556 |

**2.8 Ceangaltais**

Is éard atá sna figiúirí ceangaltais a luaitear thíos ná iomlán na suimeanna infhorfheidhmithe de réir dlí atá le híoc in 2016 agus baineann siad le híocaíochtaí cíosa maoine thar lear agus le ceangaltais riaracháin eile.

| ag 31 Nollaig | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Mar seo a leanas a dhéantar anailís ar an méid: | | |
| (i) Oifig na bPasanna agus costais riaracháin eile | 6,542 | 8,723 |
| (ii) Íocaíochta cíosa maoine thar lear | | |
| Déantar anailís ar an méid d'íocaíochtaí cíosa maoine de réir dhul in éag léasa mar seo a leanas: | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 4,947 | 2,561 |
| idir dhá bhliain agus cúig bliana | 6,069 | 5,940 |
| Cúig bliain agus os a chionn | 2,385 | 3,007 |
| | **13,401** | **11,508** |
| **Ceangaltais iomlána** | **19,943** | **20,231** |

Déantar ceangaltais cíosa maoine arna ndéanamh faoi théarmaí na gcomhaontuithe léasa maoine a fhrithháireamh ag réamhíocaíochtaí. B'ionann cíosanna réamhíoctha agus €1.12 milliún (2014: €1.86 milliún).

## 3 Caiteachas Cláir réir Fo-mhírcheann

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Aschur | Aschur |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Leas eacnamaíoch agus trádála na hÉireann a chur chun cinn san Eoraip agus go hidirnáisiúnta** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 23,195 | 22,512 | 21,945 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 21,107 | 21,235 | 20,091 |
| A.3 | Seirbhísí eolais | 502 | 285 | 286 |
| A.4 | Caidrimh chultúrtha le tíortha eile (deontas i gcabhair) | 846 | 846 | 846 |
| A.5 | An ciste um thionscnamh trádála | 480 | 283 | 307 |
| A.6 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 2,528 | 2,663 | 2,240 |
| — | Tionscadal Shlí an Atlantaigh | — | — | 175 |
| | | 48,658 | 47,824 | 45,890 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár A €834,000 níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| Tuairisc | Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán Pá | 683 | Eascraíonn an gannchaiteachas i dtorthaí pá ó mhoill folúntais a líonadh. |
| Seirbhísí Eolais | 217 | D'eascair an tearc-chaitheamh as tionscadail nach ndeachaigh ar aghaidh mar a beartaíodh |
| Ciste Tionscnaimh Trádála | 197 | Is de thoradh moill a cuireadh ar roinnt pleananna caiteachais réamh-mheasta an gannchaiteachas |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí Náisiúnta agus Idirnáisiúnta | (135) | Is ranníocaíochtaí measta iad ranníocaíochtaí an OECD a bhí níos airde ná mar a bhíothas ag súil. |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí consalachta, pas agus d'Éireannaigh thar lear** | | | |
| B.1 | Riarachán – pá | 32,136 | 31,189 | 30,362 |
| B.2 | Riarachán – neamhphá | 28,067 | 28,237 | 27,220 |
| B.3 | Aisdúichiú agus cothabháil na nÉireannach atá i dtrioblóid thar lear | 79 | 3 | 14 |
| B.4 | Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | 11,595 | 11,843 | 12,153 |
| | | 71,877 | 71,272 | 69,749 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár B €605,000 níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Pá riaracháin | 947 | Eascraíonn an gannchaiteachas pá ó moill folúntais a líonadh. |
| Tacaíocht do sheirbhísí eisimirceach Éireannach | (248) | Tá oschaiteachas sa chlár de dheasca gluaiseachtaí díobhálacha ar malartáin eachtracha |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **C** | **Athmhuintearas agus comhoibriú ar an oileán seo** | | | |
| C.1 | Riarachán - pá | 7,944 | 7,710 | 7,505 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | 6,685 | 6,726 | 6,539 |
| C.3 | Comhoibriú Thuaidh/Theas agus Angla-Éireannach | 2,745 | 5,344 | 2,861 |
| C.4 | Ciste Idirnáisiúnta d'Éirinn | 2,650 | 2,650 | 5,150 |
| | | 20,024 | 22,430 | 22,055 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár C €2,406,000 níos airde ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh** **€000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Comhoibriú Thuaidh-Theas agus Angla - Éireannach | (2,599) | Ba é an caiteachas is mó sa bhreis ar an gclár C.3 Thuaidh-Theas agus Angla-Éireannach comhoibriú deontas € 2.5 milliún faoin gComhaontú nua Thuaisceart Éireann Stormont " Tús Úr" . |

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Aschur** | **Aschur** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **D** | **Cearta daonna, slándáil agus síocháin idirnáisiúnta** | | | |
| D.1 | Riarachán - pá | 16,328 | 15,847 | 15,427 |
| D.2 | Riarachán - neamhphá | 12,241 | 12,315 | 11,912 |
| D.3 | Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 40,460 | 38,803 | 35,889 |
| D.4 | Gníomhartha mar thoradh ar Theideal V de Chonradh an Aontais Eorpaigh | 418 | 416 | 399 |
| | | 69,447 | 67,381 | 63,627 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an t-ollchaiteachas i ndáil leis an gClár D €2,066,000 níos ísle ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh** €000 | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán pá | 481 | An gannchaiteachas i dtorthaí pá ó moill folúntais a líonadh.<br><br>Léiríonn sé seo méid sin an chomhréir leithdháileadh ar an tsíocháin  an tslándáil agus daonna cearta Clár D International. |
| Ranníocaíochtaí le heagraíochtaí idirnáisiúnta | 1,657 | Bhí ranníocaíochtaí Na Náisiúin Aontaithe níos lú ná mar a measadh. |

# 4 Fáltais

**4.1 Leithreasaí-i-gcabhair**

| | | 2015 | | 2014 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1. | Pasanna, víosaí agus seirbhísí consalachta eile | 40,020 | 47,271 | 44,001 |
| 2. | Aisíocaíocht ar airleacain aisdúichithe agus cothabhála | 30 | 2 | 3 |
| 3. | Aisíocaíochtaí CBL le misin taidhleoireachta | 750 | 739 | 723 |
| 4. | Ilghnéitheach | 500 | 443 | 286 |
| 5. | Fáltais ó asbhaintí a bhaineann le pinsin ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 3,748 | 3,027 | 3,107 |
| | Iomlán | 45,048 | 51,482 | 48,120 |

**Míniú ar athruithe suntasacha**

Tríd is tríd, bhí an ioncam ó Leithreasaí-i-gCabhair €6,434,000 milliún níos mó ná mar a cuireadh ar fáil. Ba de bharr an méid seo a leanas é seo den chuid is mó:

| **Tuairisc** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a luadh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Seirbhísí pas, víosa agus consalachta eile | (7,251) | Bhí ioncam pas € 5.6m milliún níos airde. Toisc go bhfreagraíonn an tseirbhís phróiseáil pas d'éileamh, tá sé deacair a thuar le cinnteacht leibhéal nó meascán na n-iarratas a thiocfaidh isteach in aon bhliain ar Leith.<br><br>Bhí táillí víosa €300,000 chun tosaigh ar an meastachán de bharr éileamh méadaithe.. |
| Fáltais ó asbhaint a bhaineann le pinsean ar luach saothair seirbhíse poiblí | 721 | Tá asbhaintí a bhaineann le pinsean ar gcúl mar gheall ar leibhéil níos ísle tuarastal a eascraíonn ó Chomhaontuithe Bhóthar Haddington agus Bhóthar Lansdún. |

**4.2 Fáltais bhreise iníoctha leis an Státchiste**

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | — | — |
| Fáltais ó dhíol réadmhaoine Stáit | — | 758 |
| Aistrithe chuig an Stát Chiste | — | (758) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | — | — |

# 5 Líon agus Pá na bhFostaithe

| | 2015 | 2014 |
|---|---|---|
| **Líon foirne** (comhionann le fostaithe lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 1,202 | 1,187 |

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá | 70,785 | 69,034 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 176 | 144 |
| Liúntais eile | 164 | 179 |
| Ragobair | 727 | 761 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,260 | 3,073 |
| Leas sóisialta/árachas sláinte eachtrach (misin) | 2,146 | 2,048 |
| **Pá Iomlán** | **77,258** | **75,239** |

**5.1 Liúntais agus íocaíochta ragoibre**

| | **Líon na bhFaighteoirí** | **Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó** | **Uasíocaíocht Aonair** | **Uasíocaíocht Aonair** |
|---|---|---|---|---|
| | | | **2015** | **2014** |
| | | | **€** | **€** |
| Ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 46 | 3 | 16,211 | 16,502 |
| Liúntais eile | 87 | — | 8,080 | 8,052 |
| Ragobair | 341 | 15 | 32,781 | 31,614 |
| Líon na ndaoine aonair a fuair luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 70 | 16 | 36,567 | 36,676 |

**5.2 Socruithe eile maidir le Luach Saothair**

Íocadh íocaíochtaí arb ionann €14,738 (2014: €41,007) iad le 5 (2014: 4) a bhí ar scor agus ar fostaíodh iad chun saintascanna a dhéanamh.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €118,770 (2014: €127,685) iad le 11 bhall foirne (2014: 16) a bhí fostaithe go háitiúil ag ambasáidí thar lear.

Íocadh scaoilíocaíochtaí arb ionann €NIL (2014: €417,787) iad le NIL (2014:7) iar-bhall foirne Aireachta.

**5.3 Ró-íocaíochtaí Párolla**

Bhí ró-íocaíochtaí ag deireadh na bliana € 7,070 (cásanna 6 ) (2014 € 11,806, cásanna 5 ) .Tá pleananna téarnaimh i bhfeidhm do na cásanna go léir.

## 6.1 Costais dlí

Tá costais dlí íocadh I rith nab liana catagóirith mar a leanas:

| | | | | | 2015 | 2014 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | **Líon na gcásanna** | **Costais dlí a íocann an Roinn** | **A bronnadh costais dlí** | **A d'íoc na costais dlí Rannóg Cúiteamh bronnta** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Éilimh de chuid fostaithe an Vóta** | 6 | — | 33 | 14 | 47 | 172 |
| **Éilimh de chuid bhall den phobal** | 1 | — | 6 | — | 6 | 15 |
| | | — | **39** | 14 | 53 | 187 |

## 7 Cuntais Ilghnéitheacha

**7.1 Caidrimh Chultúrtha le Tíortha Eile (Deontais-i-gCabhair)**

| | **2015** | **2014** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid ag 1 Eanáir | 105 | 171 |
| Deontais-i-gcabhair (fo-mhírcheann A.4) | 846 | 846 |
| | 951 | 1,017 |
| Caiteachas | (876) | (912) |
| Iarmhéid ag 31 Nollaig | 75 | 105 |